Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000004/2023
ar an gComhairle
Riail 136
Robert Biedroń
thar ceann an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Ábhar: Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh don 67ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan

I mí an Mhárta 2023, freastalóidh toscaireacht ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne sa Pharlaimint ar an 67ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (CSW67 NA). Díreoidh CSW67 na Náisiún Aontaithe ar nuálaíocht agus ar athrú teicneolaíochta agus ar an oideachas sa ré dhigiteach chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a bhaint amach.

Is ann fós don bhearna idir na hinscní maidir le rochtain dhigiteach agus scileanna digiteacha agus na mná fós imeallaithe go digiteach. Is ann do neamhionannais inscne atá ag dul i méid ó thaobh rochtain ar nascacht, ar oideachas digiteach agus ar scileanna digiteacha de, mar aon le rochtain ar theicneolaíochtaí, lena gcoisctear neamhspleáchas eacnamaíoch, fiontraíocht agus cumhachtú na mban. Mar sin féin, nuair a bhíonn rochtain ag mná agus cailíní ar an idirlíon, bíonn foréigean ar líne agus cineálacha éagsúla cibearchiaptha rompu. I bhfianaise an mhéid sin:

1. An féidir leis an gComhairle sonraí ar na príomhphointí a chur ar fáil i dtaca le seasamh an Aontais Eorpaigh ag CSW67 na Náisiún Aontaithe, agus ar an gcaoi a ndéanfar tosaíochtaí na Parlaiminte a ionchorprú? An dtabharfaidh an Chomhairle rochtain don Pharlaimint ar pháipéar seasaimh an Aontais Eorpaigh maidir leis an ullmhúchán don 67ú seisiún? Conas a dhéanfaidh an Chomhairle cur chuige láidir agus comhordaithe an Aontais agus tiomantais uaillmhianacha agus láidre a áirithiú, lena n-áirítear bearta sonracha, chun fíordhul chun cinn i dtreo comhionannas inscne a chur chun cinn? Conas is féidir linn ár mbeartais a choigeartú chun feabhas a chur ar rochtain fhorleathan ar eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM)?

2. Cad is féidir a dhéanamh chun dlús a chur le cur chun feidhme na ngealltanas idirnáisiúnta atá déanta cheana agus cad iad na bearta nua atá beartaithe i gcoinne éifeachtaí an imeallaithe dhigitigh agus i gcoinne a dtionchar díréireach ar mhná agus ar chailíní, agus gach cineál idirdhealaithe á chur san áireamh agus aird ar leith á thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean ar líne? Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla atá beartaithe trí straitéisí agus próisis bheartais ábhartha an Aontais amach anseo, lena n-áirítear beartais bhuiséadacha agus sonraí ábhartha atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú? Go sonrach, cad iad na bearta a ghlacfar chun gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach ceann de bheartais agus de chláir ábhartha an Aontais?

Curtha síos: 20.1.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 21.4.2023